

Foláireamh don Phobal: Críoch á chur le Fógra 'Uisce a Fhiuchadh'

Soláthar Uisce Phoiblí Charna/ Chill Chiaráin **Co. Na Gaillimhe**

14^ú Feabhra 2024

Ag eascairt as comhairliúchán le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, d'eisigh Uisce Éireann Fógra 'Uisce a Fhiuchadh' ar **Sholáthar Uisce Phoiblí Charna/ Chill Chiaráin** an 07 Feabhra 2024.

Is mian le hUisce Éireann a chur in iúl do thomhaltóirí, go bhfuil deireadh láithreach bonn leis an bhFógra 'Uisce a Fhiuchadh' a bhí i bhfeidhm toisc go bhfuil torthaí sásúla monatóireachta faighte.

Is féidir le gach uile thomhaltóir ar Sholáthar Uisce Phoiblí Charna/Chill Chiaráin tosú ar an soláthar uisce a úsáid mar is gnách arís le haghaidh óil, bia a ullmhú agus fiacla a scuabadh.

Tá Ionad Teagmhála Uisce Éireann do Chustaiméirí (1800 278 278) ar fáil chun ceisteanna ó chustaiméirí a fhreagairt maidir le críoch agus deireadh a bheith leis an bhfógra seo. Tá a thuilleadh eolais ar fáil ar ár suíomh gréasáin ag www.water.ie

Ba mhaith le hUisce Éireann a bhuíochas a ghabháil don phobal i gcoitinne as bheith foighneach, comhoibritheach agus cabhrach le linn thréimhse an fhógra 'Uisce a Fhiuchadh' agus tá fíorbhrón orthu má chuir sé isteach ar shealbhóirí tí agus ar phobal gnó i slí ar bith.

Anthony Skeffington
Bainisteoir Réigiúnach Oibríochtaí
Uisce Éireann